
# info@ncca

tacú le teagasc agus foghlaim



## An tSraith Shóisearach
### Smaointe faoi athruithe
Leathanach 21

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | FEABHRA 2010 | Eagrán 14

**san eagrán seo** / Eolas chun dáta / An tSraith Shinsearach / Aistear / Tionscadal Mata / Aonaid Idirbhliana / Múinteoirí mar fhorbróirí curaclaim / Tionscadal FÓN / Múineadh teangacha **agus neart eile...**

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# fáilte romhat...

## chuig an gcéad info@ncca den dara deich mbliana den 21ú haois!

**Cá ndeachaigh na deich mbliana seo caite? Más múinteoir bunscoile thú, seans maith nach cuimhin leat ach meascán de shnáitheanna agus de shnáithaonaid, pleananna curaclaim, agus laethanta pleanála scoile. Má oibríonn tú in iar-bhunscoil, bhí na deich mbliana seo caite lán go béal le sraith nua shinsearach, príomhscileanna, ábhair nua theicneolaíochta, obair chúrsa sa stair agus sa tíreolaíocht, siollabais nua in oideachas reiligiúnach, agus cúrsa OSPS sa tsraith shóisearach... agus níl ansin ach léargas an-bheag ar an méid a chuireamar i gcrích le deich mbliana anuas!**

Agus céard faoi na deich mbliana amach romhainn? San eagrán seo de 'info' tá roinnt leideanna faoin méid atá le teacht má oibríonn tú in oideachas iar-bhunscoile, bunscoile nó in oideachas na luath-óige. Gearrchúrsaí fiontraíochta agus síceolaíochta. Fóin sa seomra ranga. Sraith nua shóisearach. Aistear ag tosú d'oideachas na luath-óige. Agus múinteoirí ag gníomhú ar a gconlán féin. Bheadh tuirse ort tar éis léamh faoi, fiú amháin! Gan amhras, san eagrán seo tugtar dúshlán don idé go bhfuil 'nithe ag moilliú'. Ní stopann an t-oideachas de bheith ag athrú riamh.

Baineann an prionsabal seo le info@ncca freisin. D'fhágamar slán le leagan clóite na hirise bliain ó shin. Cinnte, ba chúis bhróin dúinn é, ach aontaíodh gur chóir leagan leictreonach a chur ar fáil ar mhaithe leis an gcomhshaol agus ar mhaithe le hinrochtaineacht – ar a laghad, tá gach múinteoir in ann a gcóip féin den iris a fháil ar líne, rud a chuireann deireadh leis na troideanna a tharla i seomraí foirne nuair a bhí an iomarca daoine ag déanamh iarrachta teacht ar chóip den eagrán nua dóibh féin. Agus tá dul chun cinn déanta ag an teicneolaíocht agus ag suíomh gréasáin an CNCM araon. Roinnt laethanta, tugann 20,000 duine cuairt ar an suíomh gréasáin. Is fíordhúshlán anois é 'info' a chur ar fáil dóibh go tapa agus é a nuashonrú ar bhonn níos rialta. Tá orainn bileoga eolais breise a eisiúint do mhúinteoirí sna 24 scoil atá ag treorú Tionscadal Mata cheana féin, toisc nach féidir leo fanacht le haghaidh an chéad eagráin sceidealta eile de info@ncca chun an fhaisnéis a fháil.

Agus, dar ndóigh, ní mór an costas a thabhairt san áireamh freisin. Beidh buiséad agus foireann laghdaithe againn in 2010, agus beidh orainn cinntiú go bhfuil an úsáid is fearr agus is féidir á baint as na hacmhainní sin. Mar sin, táimid ag déanamh roinnt machnaimh ar info@ncca. Cuirtear fáilte i gcónaí roimh d'idéanna agus roimh do mholtaí ag an seoladh ríomhphoist newsletter@ncca.ie, ach mar aon leis an iliomad tionscadal a luaitear san eagrán seo, níl aon amhras ann ach go mbeidh athruithe ag teacht!



Anne Looney
Príomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta



# clár an eagráin seo


| | |
|---|---|
| Eolas chun dáta | 4 |
| Gearrchúrsaí na sraithe sinsearaí | 5 |
| Laistigh de *Aistear* | 6 |
| *Tionscadal Mata* i bhfeidhm ar fud na tíre | 8 |
| Fréamhacha, péacáin agus buataisí rubair: scéal scoile | 10 |
| Aonaid Idirbhliana | 12 |
| Éistigí, a mhúinteoirí teanga | 14 |
| Múinteoirí mar fhorbróirí curaclaim | 17 |
| Tionscadal FÓN | 19 |
| Sraith shóisearach nua? | 21 |


## tacú le teagasc agus foghlaim...


Foilsítear **info@ncca** trí huaire i rith na scoilbhliana, i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

Ní fhoilseofar an chéad eagrán eile ach i bhformáid leictreonach. Beidh sé ar fáil le híoslódáil ó **www.ncca.ie/news/newsletter**. Chun cóip di a fháil go huathoibríoch i do bhosca ríomhphoist, seol ríomhphost chuig **newsletter@ncca.ie** agus cuir an focal 'Subscribe' sa réimse ábhair, nó téigh chuig an suíomh gréasáin agus cliceáil ar an meirge **'Síntiús don Nuachtlitir'.**

Cuirimid fáilte roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.



Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Suíomh Gréasáin: **www.ncca.ie/gaeilge**

Seoladh Poist: **An tEagarthóir, info@ncca, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2**

## Leideanna matamaitice do thuismitheoirí

Mar atá go maith ar eolas agat, cabhraíonn gníomhaíochtaí obair bhaile le tuismitheoirí tuiscint a fháil ar céard atá á fhoghlaim ag a bpáiste ar scoil. Ach féadann siad a bheith ina gcúis le strus freisin.



Úsáidimid tuismitheoirí leanaí i rang a dó mar eiseamláir. Má chabhraíonn siad lena bpáiste uimhreacha a dhealú tríd an modh 'faigh ar iasacht agus íoc ar ais' a úsáid, an modh a d'fhoghlaim siadsan ar scoil, d'fhéadfadh sin mearbhall a chur ar an bpáiste. Ar scoil, tá an páiste ag foghlaim conas uimhreacha a dhealú tríd an modh 'athainmnithe' a úsáid.Más mian leat cabhrú le tuismitheoirí 'obair bhaile mhatamaitice' a thuiscint , tabhair an bhileog leideanna nua faoi dhealú atá dírithe ar thuismitheoirí dóibh. Tá sí ar fáil ar www.ncca.ie/tuismitheoiri.

## Plean straitéiseach

Le deireanas d'fhoilsíomar ár bPlean Straitéiseach 2009-2011. Is fiú amharc air...mar cé gur plean straitéiseach é, ní gnáthphlean é. In ionad cáipéis a scríobh, rinneamar léiriúchán 35 nóiméad ar fad faoin obair a dhéanaimid. Má tá fíorshuim agat i gcáipéisí, féadann tú athscríbhinní agus cáipéisí cúlra a fháil trí chliceáil ar an deilbhín d'fháiscín páipéir sa chúinne. Ach mura bhfuil spéis agat ach sa mhéid atá á dhéanamh againn i láthair na huaire agus sa mhéid atá beartaithe againn don bhliain amach romhainn, féadann tú cuairt a thabhairt ar gach 'suíomh' agus an méid atá beartaithe a fheiceáil.

Roghnaíomar an cur chuige seo ar thrí chúis. Sa chéad áit, nuair a thosaíomar ag ullmhú an phlean, ba léir gur fhíordhúshlán é pleanáil a dhéanamh le linn tréimhse éiginnte. Bhí orainn a mhéid solúbthachta agus ab fhéidir a chuimsiú sa phlean. Sa dara háit, cé gur caitheadh líon ollmhór ama agus fuinnimh ar na pleananna a tháirgeamar roimhe seo chun go mbeidís i gceart, ní raibh siad ar liosta na leabhar is mó díola riamh, gan amhras, agus bhraitheamar go raibh sin sách diomailteach i bhfianaise an mhéid airgid a caitheadh orthu. Agus mar sin, an tríú cúis leis an gcur chuige nua ná chun airgead a spáráil. Agus d'éirigh linn! Bhí costas an phlean seo níos lú ná leath an chostais a bhaineann lenár bpleananna agus tuarascálacha bliantúla de ghnáth. Caith súil orthu!

## Cuireadh do mhúinteoirí bunscoile!

Ón athbhreithniú a rinneadh ar *Churaclam na Bunscoile*, tá a fhios againn gur dúshlán mór do mhúinteoirí bunscoile é inneachar uile an churaclaim a theagasc. Tá cabhair ar fáil anois! Mar chéad chéim chun freagairt don dúshlán seo, tá obair á déanamh againn chun an curaclam a chur i láthair arís ar bhealach atá níos oiriúnaí d'úsáideoirí.

Tá na dréachtaí is déanaí de na hábhair a bhaineann le Béarla, Matamaitic, Gaeilge agus Eolaíocht ar fáil anois. Cuirimid fáilte le haiseolas uait, mar cabhróidh sé linn forbairt bhreise a dhéanamh ar na hábhair seo. Tabhair cuairt ar www.ncca.ie/forualachcuraclaim chun féachaint ar na dréachtábhair agus chun d'aiseolas a thabhairt. Féadann tú ríomhphost a sheoladh chugainn freisin ag curriculumoverload@ncca.ie.

## Uirlisí úsáide Aistear

Ba bhreá leat tuilleadh a fhoghlaim faoi *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* ach níl go leor ama agat i láthair na huaire? Féach ar an léiriúchán le fuaim, 8 nóiméad ar fad, *An Introduction to Aistear* ag www.ncca.ie/luathoige. Tá an léiriúchán ina chuid d'Uirlisí Úsáide *Aistear* atá á bhforbairt againn chun cabhrú le cleachtóirí, múinteoirí naíonán mar shampla, dul i dtaithí ar an gcreat agus úsáid a bhaint as ina seomraí ranga.

An bhfuil ceist agat faoi na cosúlachtaí agus na difríochtaí is mó idir *Aistear* agus curaclam na naíonán? Má tá, léigh an grinnscrúdú ar an dá rud, atá ina chuid de na huirlisí úsáide freisin.

## Measúnú

A bhuíochas leis an athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, tá tuiscint níos fearr againn anois ar roinnt de na dúshláin a bhíonn le sárú ag múinteoirí bunscoile i réimse an mheasúnaithe. I láthair na huaire, táimid ag obair le naoi múinteoir is fiche mar chuid den Líonra Bunscoile, chun freagairtí praiticiúla a cheapadh do na dúshláin seo. Beidh samplaí de shaothar leanaí agus d'ábhair a dhear múinteoirí ar fáil ar shuíomh gréasáin ACTION sna míonna amach romhainn, i measc neart eile.

## Tionscadal CIDREE

Mar bhall den Chuibhreannas Institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip (CIDREE), agus i gcomhar lenár gcomhghleacaithe Eilvéiseacha agus Ollannacha, thug an CNCM tionscadal chun críche a dhéanann cur síos ar eiseamláirí de dhea-chleachtas i ndáil le difreáil an churaclaim le haghaidh daltaí sárchumasacha. Déanann raon cás-staidéar cur síos mionchruinn ar na cleachtais éagsúla sna tíortha seo. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, tabhair cuairt ar an gcuid dár suíomh gréasáin a bhaineann le Riachtanais Speisialta Oideachais.

Más bándearg an cló, is nasc é

info@ncca

# Gearrchúrsaí na sraithe sinsearaí

## Céard iad do thuairimí faoi Shíceolaíocht agus faoi Fhiontraíocht?

### Céard atá i gceist le gearrchúrsa?

Tá gearrchúrsaí á bhforbairt mar chúrsaí roghnacha nua 90 uair ar fad don tsraith shinsearach. Méadóidh siad líon na réimsí ábhair ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus mar sin cuirfidh siad solúbthacht agus rogha níos fearr ar fáil ag leibhéal na sraithe sinsearaí. D'fhéadfadh foghlaimeoirí staidéar a dhéanamh ar ghearrchúrsa ar feadh bliana, agus dhéanfaí iad a mheasúnú nuair a chríochnóidís an cúrsa ag deireadh na bliana sin. Beartaítear go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) iad a scrúdú, agus go mbeidh an stádas céanna acu ó thaobh dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus ardoideachas de. Bheadh leath na 'bpointí' ag gabháil dóibh agus a ghabhann d'ábhar iomlán.

### Dhá shampla de ghearrchúrsaí ar fáil anois

Ba bhreá linn é dá mbeadh raon gearrchúrsaí ann amach anseo óna mbeadh foghlaimeoirí in ann a rogha cúrsaí a dhéanamh. Idir an dá linn, tá dhá ghearrchúrsa shamplacha ar fáil ar an gcuid dár suíomh gréasáin a bhaineann le comhairliúchán na sraithe sinsearaí. Féach orthu agus inis dúinn céard a cheapann tú. An dá chúrsa atá ar fáil ná Síceolaíocht agus Fiontraíocht. Bheadh foghlaimeoirí in ann cúrsa Gnáthleibhéil nó Ardleibhéil a dhéanamh.

### Síceolaíocht

Sa tsíceolaíocht, gheobhaidh foghlaimeoirí buneolas ar staidéar eolaíoch na hiompraíochta agus cabhrófar leo tuiscint a fháil orthu féin agus ar an domhan mórthimpeall orthu. Foghlaimeoidh siad faoi fheidhmeanna na síceolaíochta sa ghnáthshaol, mar shampla, i spóirt, sna meáin chumarsáide, ar scoil, i dteicneolaíocht agus san ionad oibre. I dteannta sin, foghlaimeoidh siad conas a mionstaidéir thaighde féin a phleanáil agus a dhéanamh ar ábhair a bhfuil spéis acu iontu agus conas torthaí na staidéar sin a chur in iúl. Tá ceithre aonad staidéir sa ghearrchúrsa: síceolaíocht agus taighde, síceolaíocht agus an cholainn, síceolaíocht agus tusa, agus síceolaíocht agus an tsochaí.

### Fiontraíocht

Tá an fhiontraíocht níos tábhachtaí ná riamh d'fhoghlaimeoirí atá ag críochnú oideachas an dara leibhéal. Rachaidh an cumas a bheith nuálaíoch, idéanna a ghiniúint agus a fhorbairt go cruthaitheach agus na hidéanna sin a chur i gcrích mar



ghníomhaíochtaí praiticiúla, spriocdhírithe, rachaidh siad sin chun tairbhe foghlaimeoirí ina saolta pearsanta, sa saol sóisialta, cultúrtha agus poiblí agus i ngnó agus i ndomhan na fostaíochta. Cabhróidh an gearrchúrsa ar an bhfiontraíocht le foghlaimeoirí díriú isteach ar céard atá i gceist le fiontraíocht, céard a chiallaíonn sé a bheith fiontraíoch, agus léireoidh sé conas is féidir leo a bheith fiontraíoch trí mheán ceithre aonad staidéir: iniúchadh ar fhiontraíocht, fiontraíocht ghnó, fiontraíocht phobail agus mise mar fhiontraí.

### Mar sin, céard a cheapann sibh?

Tá an dá ghearrchúrsa shamplacha ar fáil ar an gcuid dár suíomh gréasáin a bhaineann le comhairliúchán faoin tsraith shinsearach **www.ncca.ie/seniorcycle** (cliceáil ar an nasc chun féachaint ar an gcomhairliúchán). Tá taispeántas sleamhnán ann freisin chun na cúrsaí a mhíniú duit agus chun roinnt idéanna a thabhairt duit faoin gcuma a d'fhéadfadh a bheith orthu sa seomra ranga. Caith súil orthu, déan iad a phlé le roinnt de do dhaltaí sraithe sinsearaí, b'fhéidir, agus tabhair aiseolas dúinn tríd an bhfoirm aiseolais! Ba bhreá linn do thuairimí a chloisteáil. Bheadh spéis againn freisin i do thuairimí faoin bhféidearthacht gearrchúrsa amháin nó an dá cheann a chur ar fáil mar chúrsa cianda nó cúrsa ríomhfhoghlama. Mar shampla, dá mbeadh scoil gan mhúinteoir don chúrsa Síceolaíochta, an bhféadfaí rochtain 'fhíorúil' ar mhúinteoir i scoil eile a thabhairt di? Agus an bhféadfadh an múinteoir sin tacú leis an gcúrsa i raon áiteanna? Is fiú machnamh a dhéanamh air sin...

### Comhairliúchán

Tá comhairliúchán faoin tsraith shinsearach ar siúl go leanúnach ar **www.ncca.ie/seniorcycle**. Tá comhairliúchán maidir le Polaitíocht agus an tSochaí críochnaithe anois, ach ba bhreá linn do thuairimí a fháil faoi na gearrchúrsaí, faoi *I dTreo na Foghlama: forbhreathnú ar oideachas na sraithe sinsearaí* agus faoin gcáipéis *Ag treorú agus ag tacú le hathruithe sna scoileanna.*

# Laistigh de *Aistear*

**Éistigí, a mhúinteoirí na naíonán! An raibh deis agaibh féachaint ar *Aistear* fós? Is fiú am a thógáil le súil a chaitheamh air ag www.ncca.ie/luathoige. Tá an creatchuraclam nua don luath-óige, atá dírithe ar gach leanbh ó bhreith go haois sé bliana, lán d'idéanna, de mholtaí agus de shamplaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach san obair a dhéanann tú le naíonáin bheaga agus mhóra.**

## Eispéiris foghlama

Sainghné de *Aistear* is ea **na heispéiris foghlama** atá cuimsithe ann. Déanann siad cur síos ar céard a deir, céard a dhéanann agus céard a chruthaíonn leanaí fad agus a fhoghlaimíonn siad trí mheán gníomhaíochtaí agus eispéireas áirithe. Léiríonn siad freisin an fheidhm ríthábhachtach atá agatsa, an múinteoir, maidir le foghlaim agus forbairt leanaí a thacú agus a leathnú. Tá 21 eispéireas foghlama bunaithe ar sheomraí ranga naíonán cuimsithe in *Aistear*.

Anseo thíos, tá dhá shampla de na heispéiris foghlama sin chun blas a thabhairt duit. Tagann eispéireas foghlama 48 ó threoirlínte *Aistear* i ndáil le **súgradh** agus tagann eispéireas foghlama 71 ó na treoirlínte maidir le **measúnú**.

## Eispéireas foghlama 48: Margadh na bhfeirmeoirí

**Téama:** ***Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3**
**Aoisghrúpa:** **Leanaí óga**
**Suíomh:** **Rang naíonán (bunscoil sa Ghaeltacht)**

Le linn ranga drámaíochta, bunaíonn grúpa leanaí i naíonáin shóisearacha agus shinsearacha stalla aonaigh sa cheantar um shúgradh fantaisíochta, i gcomhar lena múinteoir, Síle. Tugann an-chuid de na leanaí cuairt ar mhargadh áitiúil na bhfeirmeoirí maidin gach Sathairn in éineacht lena dtuismitheoirí agus luann siad é sin le linn ama nuachta. Faigheann Síle, múinteoir, frapaí don súgradh, lena n-áirítear ábhair scríbhneoireachta agus airgead, soithigh fholmha bhia, agus prócaí. Baineann sí gach rud eile den bhord taispeántais agus úsáideann sí é sin mar chuntar. Glacann na leanaí róil éagsúla agus iarrann siad ar Shíle gníomhú mar chustaiméir. Sna laethanta ina dhiaidh sin tugann siad boinn 1, 2, 5 agus 10 cent ar scoil leo chun na táirgí a cheannach. Forbraítear an súgradh i rith na seachtaine de réir mar a bhunaíonn grúpaí leanaí stallaí ag a ndíoltar saintáirgí. Tá sé deacair spás a fháil sa seomra ranga le haghaidh na stallaí uile. Molann an múinteoir dóibh na boird agus na cathaoireacha a atheagrú chun go mbeidh spás ann. Agus iad ar sceitimíní, cabhraíonn na leanaí léi é sin a dhéanamh. Tá cead pleanála faighte chun an t-aonach a leathnú! Cruthaítear níos mó agus níos mó stallaí de réir mar a tháirgeann leanaí táirgí ó mharla agus de réir mar a thugann siad cartáin fholmha bhia isteach ó bhaile leo. Bunaíonn siad stalla ina ndíolann siad a bpictiúir féin agus na bláthanna atá á bhfás acu. Tugann siad seanbhréagáin agus seanleabhair isteach ó bhaile leo agus díolann siad lena chéile iad. Glacann siad ról na gcustaiméirí agus ról úinéirí na stallaí ar bhonn sealaíochta. Cabhraíonn Síle, múinteoir, leo comharthaí a dhéanamh do na stallaí éagsúla. Déanann roinnt leanaí comharthaí a léiríonn praghas a gcuid táirgí.

Seolann an múinteoir nóta abhaile a mhíníonn do thuismitheoirí céard atá á dhéanamh ag na leanaí agus a thugann cuireadh do thuismitheoirí cuairt a thabhairt ar aonach na leanaí nuair a fhágfaidh siad na leanaí ar scoil nó nuair a bhaileoidh siad iad. Déanann Síle, múinteoir, roinnt den súgradh a fhístaifeadadh. Lá eile, úsáideann sí an t-aonach chun ceist a chur ar na leanaí; déanann sí machnamh os ard faoi conas a fhéadann sí na boinn atá aici a úsáid chun íoc as planda 5c (naíonáin shóisearacha) nó 10c (naíonáin shinsearacha). Toisc go bhfuil gach leanbh ag láimhseáil, ag féachaint ar agus ag taiscéaladh fíorbhonn (1c, 2c, 5c agus 10c) molann sí do na leanaí machnamh a dhéanamh ar na teaglamaí bonn a d'fhéadfaidís a úsáid chun íoc as na plandaí.

***Machnamh: Conas is féidir liom úsáid níos mó a bhaint as súgradh fantaisíochta chun scileanna litearthachta agus uimhearthachta leanaí a fhorbairt?***

## Eispéireas foghlama 71: Forbairt scríbhneoireachta

**Téama:** ***Cumarsáid*, Aidhm 2 agus Sprioc foghlama 4**
**Aoisghrúpa: Leanaí óga**
**Suíomh: Rang naíonán (Gaelscoil)**

Is múinteoir naíonán sinsearach i nGaelscoil í Iníon Uí Mhurchú. I rith na seachtaine seo, léigh agus phléigh sí féin agus a rang an scéal, Goldilocks agus na trí bhéar. Mar chuid den phlé sin, d'iarr sí ar na leanaí machnamh a dhéanamh ar céard a dhéanfadh na trí bhéar dá mbeadh a fhios acu cá háit a raibh cónaí ar Goldilocks. Luann siad a lán gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tarlú, roinnt acu a bhaineann lena teach a bheith fágtha ina phrúiseach phraiseach ar deireadh. Iarrann Iníon Uí Mhurchú ar na leanaí scéalta a scríobh faoi Goldilocks agus na trí bhéar. Déanann sí an tasc a dhifreáil don rang. Tugtar sé phictiúr do roinnt leanaí agus iarrtar orthu iad a chur in ord agus an focal ábhartha do gach pictiúr a roghnú ó liosta agus é a scríobh síos. Scríobhann grúpa eile leanaí an scéal ina bhfocail féin ina leabhair, a bhfuil cruth teachín orthu. Scríobhann an tríú grúpa leanaí an scéal ina bhfocail féin, agus samhlaíonn siad cén deireadh a bheadh ar an scéal dá dtabharfadh na béir cuairt ar theach Goldilocks. Cuireann an múinteoir focail agus frásaí príomhúla ar fáil bunaithe ar phlé an ranga.

Téann Iníon Uí Mhurchú ó ghrúpa go grúpa fad agus atá na scríbhneoirí óga ag obair ar a gcuid scéalta. Molann sí dóibh triail a bhaint as focail a litriú nuair nach bhfuil na focail atá de dhíth orthu ar an gclár bán. Uaireanta déanann sí machnamh os ard leo chun cabhrú leo deireadh a scéalta a phleanáil: cuireann Goldilocks glaoch ar a mamaí nuair a fheiceann sí an phraiseach! Gach lá ag am scéalaíochta iarrann sí ar sheisear leanaí a scéalta a léamh agus a leabhair nó a bpictiúir in ord a thaispeáint. Gach iarnóin nuair atá na leanaí imithe abhaile cuireann sí trácht faoi scríbhneoireacht an tseisear leanaí leis an bhfaisnéis atá taifeadta aici faoina scileanna scríbhneoireachta cheana féin. Cuireann sí cóip de shaothar na leanaí ina bhfillteáin foghlama freisin.

**Sampla de nótaí Iníon Uí Mhurchú ar scéal Mheadbh, mar a taifeadadh ina comhad cleachtóra iad:**
*10 Márta 2009: Choinnigh sí na buncharachtair; chuir sí carachtar nua ar fáil (mamaí Goldilocks) ar bhealach loighciúil. D'úsáid sí a litrithe féin, rud a léiríonn feasacht mhaith ar an bhfóineolaíocht. Chuir sí ceithre abairt bhreise leis chun deireadh nua an scéil a chruthú. Dul chun cinn iontach.*

***Machnamh: Conas is féidir liom úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis mheasúnaithe chun difreáil a dhéanamh d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí?***



**Féach ar thuilleadh eispéireas foghlama ag www.ncca.ie/luathoige. Tá Aistear ar fáil ar dhlúthdhiosca freisin agus féadann tú cóip le haghaidh do scoilse a fháil an chéad uair eile a thabharfaidh tú cuairt ar d'ionad oideachais áitiúil.**

# *Tionscadal Mata* i bhfeidhm ar fud na tíre

## Ag teacht go luath chuig ceardlann i do (iar-bhun-) scoil!

**Tá todhchaí chorraitheach i ndán don mhatamaitic ag an dara leibhéal. Tá *Tionscadal Mata* ag teacht chuig gach múinteoir i ngach scoil. Le bliain anuas, ní raibh ach 24 scoil páirteach sa chéad chéim den tionscadal ach anois gheobhaidh gach aon duine blas ar an méid atá le teacht.**

Fuair múinteoirí na matamaitice ar fud na tíre réamhbhlas ar *Tionscadal Mata* sa chéad cheardlann i sraith deich gceardlann. Nuair a dhéantar an curaclam a fhorbairt, bíonn roinnt eagla agus imní ar mhúinteoirí i gcónaí. Mar sin féin, nuair a críochnaíodh an chéad cheardlann ba léir go raibh an t imní sin imithe. Tá múinteoirí an-tógtha leis na hathruithe ar chleachtas seomra ranga a bheidh i gceist le *Tionscadal Mata*, agus chuir siad é sin in iúl ag na ceardlanna.

"Bhí imní orm nuair a tháinig mé isteach ar maidin, ach anois táim ag tnúth go mór le tús a chur leis."

**Múinteoir, ceardlann 1**

### Sceideal na gceardlann

D'eagraigh foireann d'oifigigh forbartha réigiúnacha (RDOnna) ceardlann ar shnáithe 1 (staitisticí agus dóchúlacht) idir mí Dheireadh Fómhair agus mí Eanáir 2010. An mhí seo (mí Feabhra) beidh na RDOnna gníomhach ag leibhéal na scoile, ag tabhairt cuairte ar mhúinteoirí ina dtimpeallachtaí oibre féin agus ag cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ag an leibhéal áitiúil. Beidh Ceardlann 2 ar siúl i ndiaidh na Cásca agus beidh sí sin dírithe ar shnáithe 2 (céimseata agus triantánacht). Cuirfidh na múinteoirí uile tús le cur i bhfeidhm *Tionscadal Mata* ina scoileanna féin ó mhí Mheán Fómhair 2010 i leith, nuair a thosóidh siad ag múineadh shnáithe 1 agus shnáithe 2 do dhaltaí na chéad bhliana agus do dhaltaí an chúigiú bliain. Cuirfear na deich gceardlann ar fáil thar thréimhse ceithre bliana chun go mbeidh tacaíocht leanúnach ar fáil i ndiaidh na tréimhse tosaigh den chur i bhfeidhm.

"Beidh teagasc na matamaitice níos suimiúla mar thoradh ar mhodheolaíochtaí nua.

Tá imní orm go mbeidh níos mó ama ullmhaithe ag teastáil do na modheolaíochtaí nua."

**Múinteoirí, ceardlann 1**

### Céard atá i ndán do na 24 scoil i réamhghrúpa an tionscadail?

I láthair na huaire, tá múinteoirí na scoileanna seo ag cur shnáithe 3 (uimhir) agus shnáithe 4 (ailgéabar) i láthair scoláirí reatha na chéad bhliana agus an chúigiú bliain. Is snáitheanna nua iad seo, cé go mbeidh taithí ag múinteoirí agus ag foghlaimeoirí ar thromlach a n-inneachair. Bainfear úsáid as cuir chuige teagaisc nua agus leanfaidh na scoileanna orthu ag obair leis an bhfoireann tacaíochta chéanna agus a bhí ann an bhliain seo caite. Beidh na snáitheanna nua dírithe ar na naisc idir réimsí na huimhríochta agus an ailgéabair agus beidh siad sin nasctha le forbairt shnáithe 5 (feidhmeanna) amach anseo. Déanfar athbhreithniú ar shnáithe 3 agus ar shnáithe 4 ag deireadh na scoilbhliana seo bunaithe ar an aiseolas a thabharfaidh na scoileanna tionscadail do na coistí siollabais. Leanann sé sin próiseas na bliana seo caite agus déanann sé cinnte go gcoinnítear scoileanna ag croílár fhorbairt an churaclaim.

### Conas a d'éirigh leis an triail den scrúdú Ardteistiméireachta?

Reáchtáladh triail den scrúdú sna scoileanna tionscadail i mí Dheireadh Fómhair 2009. Bhí an scrúdú seo ag leibhéal na hArdteistiméireachta amháin agus ba é an grúpa a ghlac páirt an chéad ghrúpa a dhéanfaidh an fíorscrúdú i mí an Mheithimh 2010. Cuireadh triailpháipéir Bhonnleibhéil, Ghnáthleibhéil agus Ardleibhéil ar fáil. Bhí na 24 scoil sásta leis na páipéir, agus bhí áthas orthu go ndearnadh scrúdú sa triail ar na modheolaíochtaí a úsáideadh sa seomra ranga. Úsáideadh na páipéir seo chun na páipéir shamplacha a fhorbairt, páipéir a d'eisigh an CSS do na scoileanna uile le deireanas.

info@ncca

> Bhí na scoláirí sásta go leor: chríochnaigh roinnt díobh an páipéar go luath ach bhraith siad go raibh sé cothrom agus bheadh siad sásta dá bhfaighidís páipéar den chineál céanna i mí an Mheithimh.

**Freagairt mhúinteora don triail den scrúdú Matamaitice Ardteistiméireachta Ardleibhéil.**

## Céard faoin Teastas Sóisearach?

Tá na coistí siollabais thar a bheith gnóthach ag forbairt socruithe measúnaithe do scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2011. Beidh an scrúdú sin ar an gcéad uair a thástálfar Tionscadal Mata sa tsraith shóisearach. Cuimseoidh sé inneachar ón gcúrsa reatha in éineacht le hinneachar ó shnáithe 1 agus ó shnáithe 2. Forbrófar snáithe 5 (feidhmeanna) i mbliana, agus cuirfidh sin deireadh leis an gcéad dréacht den siollabas iomlán. Tabharfaidh sé forbhreathnú ar an siollabas iomlán den chéad uair riamh. Sin ceann de phríomhghnéithe Tionscadal Mata. Rinneadh an siollabas a fhorbairt LE scoileanna in áit é a fhorbairt DÓIBH. Agus ba dhúshlán é, cinnte, do scoileanna agus don CNCM araon!

## Cá bhfuil ábhair *Tionscadal Mata* ar fáil?


Is féidir na cáipéisí snáithe a chuimsíonn na torthaí foghlama do shnáithe 1 agus do shnáithe 2 a fháil ar shuíomh gréasáin an CNCM ag www.ncca.ie/tionscadalmata. Tá acmhainní a d'fhorbair an CNCM do dhaltaí ar fáil le híoslódáil ar an suíomh gréasáin céanna; tá siad seo ar fáil don tsraith shóisearach agus don tsraith shinsearach araon. D'fhorbair foireann fhorbartha Tionscadal Mata sraith chuimsitheach acmhainní atá ar fáil ar www.projectmaths.ie. Ina measc, tá líon mór pleananna teagaisc agus foghlama do mhúinteoirí, i dteannta gníomhaíochtaí eile do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon.

> Cuirim fáilte roimh an raon mór acmhainní ar féidir le múinteoirí iad a thabhairt leo agus iad a úsáid. Bheinn sásta triail a bhaint as roinnt de na cleachtaí seo le mo ranganna idirbhliana díreach anois.

**Múinteoir, ceardlann 1**

Project Maths
Tionscadal Mata
Development Team

## Tionscadal Mata: Amlíne



# Fréamhacha, péacáin agus buataisí rubair

***Scéal ó Scoil Náisiúnta Bhaile Raithin, Leitir Ceanainn.***

**Tá *'Fréamhacha, péacáin...'* ar cheann den iliomad scéalta scoile a bhailíomar chun 10 mbliana de Churaclam na Bunscoile a chomóradh. Léigh tuilleadh scéalta spreagúla trí chliceáil ar www.ncca.ie/fasagusfoghlaim.**

Is scoil chomhoideachais dháréag múinteoirí í Scoil Náisiúnta Bhaile Raithin atá suite ar imeall Leitir Ceanainn. Sa scéal seo, mínítear roinnt de na heispéiris foghlama chruthaitheacha allamuigh a d'úsáideamar chun an réimse den churaclam a bhaineann le hOideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) a chur i láthair dár leanaí ar bhealach gníomhach.

### An canbhás á phéinteáil

In 2000, thosaíomar ag athbhreithniú na féidearthachta tailte na scoile a fhorbairt mar 'sheomra ranga lasmuigh' chun foghlaim OSIE a chur chun cinn. Mar gheall ar an obair foirne i gceist le seomra ranga lasmuigh, bheadh fuílleach deiseanna ann scileanna a chleachtadh, tuiscint níos doimhne a fháil ar choincheapa agus dearcaí a bheadh á gcothú sa seomra ranga a threisiú. Thuigeamar gurb é ceann de na dúshláin is mó a bhíonn le sárú ag múinteoirí san aois theicneolaíoch seo ná cabhrú le leanaí a gcéadfaí a mhúscailt agus tuiscint a fháil ar an áilleacht agus ar an scleondar a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar an domhan mórthimpeall orthu.

Mar sin, cá háit a dtosóimis? Cé go bhfuil an scoil suite taobh le bóthar gnóthach, bhí crainn, sceacha agus réimsí móra d'fhásra agus d'fhéar timpeall uirthi. Léirigh iniúchadh comhshaoil poitéinseal neamhúsáidte thailte ár scoile. Ba é an chéad chéim den tionscadal tuiscint a fháil ar shaibhreas an chanbháis a bhí ar fáil dúinn.

Ba spreagadh d'obair bhreise é Clár na Scoileanna Glasa freisin. Ba chúis iontais dúinn an chaoi ar forbraíodh an canbhás de réir a chéile, agus an bealach a thosaigh tírdhreach foghlama iomlán nua ag teacht chun cinn. Caithfimid súil ar roinnt tionscadal lasmuigh a chuireamar i gcrích chun an tírdhreach nua seo a chruthú.

## Draíocht!

### Paiste na bhféileacán

An bhliain seo caite, rinne leanaí na ranganna sóisearacha forbairt bhreise ar phaiste na bhféileacán. Bhailigh siad roinnt bolb agus chuir siad iad go cúramach ina 'gcaighean féileacán' féin a bhí déanta as soitheach mór gloine. Thar am, bhí deis ag na leanaí féachaint ar obair iontach na mbolb agus cocais á gcruthú acu. San earrach, tháinig ceithre bhánóg chabáiste (cineál féileacáin) amach as na cocais. Tar éis an clúdach a bhaint den chaighean go cúramach, chonaic na leanaí na féileacáin ag dul ar lorg na saoirse agus ag eitilt i dtreo an tsolais agus an teasa. Ní fhéadfadh eolas ó théacsleabhar faoi shaolré an fhéileacáin eispéireas foghlama den chineál seo a chur ar fáil riamh. Agus maidir leis an múinteoir, bhí sé draíochtach bheith ag féachaint ar iontas agus áthas na leanaí.

### Linn na scoile

Ar an dóigh chéanna, thug linn na scoile deis do na leanaí dul chun cinn glóthaí froig a bhreathnú agus a thaifeadadh de réir mar a d'fhás froganna as. Roimh laethanta saoire an tsamhraidh, bhí cónaí ar bheacha gabhair, ar tháilliúirí agus ar shnáthaidí móra timpeall na linne. Thug na tionscadail seo spreagadh do raon leathan foghlama a bhí bunaithe sa seomra ranga, idir fhoghlaim ó bhéal agus i scríbhinn.

### Stáisiúin bheathaithe éan

Tá stáisiúin bheathaithe éan suite timpeall thailte na scoile. I mbliana, chruthaigh leanaí rang a 5 limistéar breathnaithe éan nó 'post faire' ina seomra ranga. Rinneadh cuid d'fhuinneog an ranga a 'dhúchan' agus d'úsáid na leanaí déshúiligh chun na cuairteoirí cleiteacha a bhreathnú agus a thaifeadadh i rith mhíonna an gheimhridh. Ní raibh spéis chomh mór sin i ngrafadh sa mhatamaitic, i bpéintéireacht sna hamharcealaíona agus in éisteacht agus freagairt sa cheol riamh.



## Rannpháirteachas leanaí

Glacann leanaí ó gach rang páirt i gcruthú agus i gcothabháil na ngnáthóg tráthanna éagsúla den bhliain. Tugtar úinéireacht den ghnáthóg dóibh, agus le tacaíocht an mhúinteora, moltar dóibh cinntí a dhéanamh faoi conas ba chóir cúram a thabhairt di agus forbairt bhreise a dhéanamh uirthi. Tugtar spreagadh gníomhach do thaifeadadh scéal forbartha gach gnáthóige nua i bhfocail, i bpictiúir, i dtéacs agus i ngrianghraif.

## Gorlann na smaointe

Tá an tionscadal gorlainne ar cheann de na tionscadail is spreagúla a rinneamar riamh. Lán de dhóchas, bíonn na leanaí ag féachaint agus ag feitheamh...go dtí go gcloistear gíoga is míoga na n-éiníní beaga buí agus iad ag dul i dtaithí ar a mbaile nua i ndorchla na scoile...i ngoradán gloine, gan amhras.

Thug an tionscadal gorlainne seo spreagadh dúinn feirm scoile a 'ghoradh' freisin. Tháinig an inspioráid dár bhfeirm scoile, a bunaíodh in 2008, ó thuras staidéir a thug an príomhoide ar Stavanger na hIorua i 1995. Thug prionsabail an churaclaim, agus na leanaí i gceartlár na foghlama, i gcomhar le múinteoir rang a 5 a bhí fiontraíoch agus díograiseach, thug siad spreagadh dúinn tús a chur le fiontar na feirme scoile.

Le cabhair ó rang a 6 agus le tacaíocht ó thuismitheoirí, thógamar ár gcró cearc nua 'den chéad scoth'. Roghnaíodh ceathrar bainisteoirí feirme ó na ranganna éagsúla, agus i mí Mheán Fómhair 2008, bhog ár gcearca nua isteach. Ba 'mhionfhiontar' gnó é ár bhfeirm, agus na bainisteoirí feirme ag glacadh le freagracht as na cearca a bheathú, as beatha a cheannach agus as uibheacha a mhargú agus a dhíol. Ní raibh glanadh an chró cearc ró-spreagúil, ach le hobair foirne agus tar éis roinnt spreagtha a thabhairt do na rannpháirtithe, baineadh é sin amach freisin. D'ullmhaigh na leanaí tuarascálacha rialta ar obair na feirme do na ranganna éagsúla. Ba léir gur chuir freagracht agus rath na feirme feabhas ar fhéinmhuinín agus ar fhéinmheas na leanaí. Faoi dheireadh na bliana 2008-09 baineadh brabús €220 amach ó dhíol na n-uibheacha agus foilsíodh tuairiscí faoi chearca 'Woodland Way' sa phreas áitiúil agus náisiúnta.

## Ár gcuid rún

Is iad seo a leanas roinnt de na príomhghníomhaíochtaí a dhéanaimid chun an seomra ranga lasmuigh a chur ar fáil:

- Cuirtear am rialta i leataobh d'fhoireann iomlán na scoile chun cabhrú linn éirí níos feasaí ar an gcuraclam agus d'fhonn féachaint ar conas is fearr is féidir leis cabhrú linn freastal ar riachtanais foghlama na leanaí.
- Tá an phleanáil agus an chumarsáid ríthábhachtach má tá gach duine chun páirt a ghlacadh. Déanann plean na scoile iomláine do OSIE leanúnachas agus cur chun cinn an inneachair agus na scileanna a chinntiú. Tá an plean seo bunaithe ar ghnáthóga agus ar théamaí in ionad a bheith bunaithe ar théacsleabhar.
- Ná déan an iomarca ar dtús – déan poitéinseal foghlama gnáthóige amháin a aithint agus a fhorbairt sula rachaidh tú ar aghaidh chuig an gcéad ghnáthóg eile..
- Tabhair deiseanna rialta do mhúinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na dúshláin i rith na bliana.
- Déan machnamh 'lasmuigh den bhosca' nuair atá eispéireas foghlama á dhearadh, mar spreagfaidh sé sin an leanbh is drogallaí.
- Bunaigh foireann ghlas de mhúinteoirí agus de leanaí mar chuid de Chlár an Bhrait Ghlais mar cuireann sé sin fócas iontach ar fáil do na tionscadail.
- Mol do na leanaí dul chun cinn a gcuid oibre a thaifeadadh ar bhealaí spreagúla, éagsúla.
- Tabhair úinéireacht na dtionscadal do na leanaí trí mholadh dóibh cinntí a dhéanamh faoi na jabanna le déanamh agus trí uainchláir do na jabanna sin a aontú leo.
- Glaoigh ar shaineolaithe ó am go ham. Tá siad thar a bheith úsáideach nuair a thosaíonn tú le tionscadal nua. Chuir Enfo, Crann, Scéim Oidhreachta sna Scoileanna an INTO agus An Taisce tacaíocht iontach ar fáil dúinn. Is mór an tacaíocht é tuismitheoir le spéis nó le saineolas freisin.
- Agus...glac leis nach mbeidh na leanaí gléghlan ina dhiaidh!

## Ná déan dearmad...

Uaireanta, tá sé tábhachtach sult a bhaint as an méid atá déanta sula gcuirtear tús le píosa eile oibre. Lig do na leanaí taitneamh a bhaint as an seomra ranga a cruthaíodh, agus le treoir ó na múinteoirí, leas iomlán a bhaint as a phoitéinseal foghlama. Ansin, is féidir tús a chur leis an gcéad tionscadal cruthaitheach eile a úsáidfear chun tacú le OSIE.

**Gabhaimid buíochas ar leith le David Oliver, príomhoide Scoil Náisiúnta Bhaile Raithin agus leis na múinteoirí uile a roinn a scéal linn. Tabhair cuairt ar www.ballyrainens.ie.**




# Aonaid Idirbhliana

## Idéanna úra don Idirbhliain?

**Tá aonaid idirbhliana (AInna) ar cheann de na comhpháirteanna nua den churaclam atá á bhforbairt ag leibhéal na sraithe sinsearaí. An idé ná go mbeidh scoileanna in ann aonaid idirbhliana éagsúla a chuimsiú ina gcláir idirbhliana amach anseo. Leoga, tá siad in úsáid ag roinnt scoileanna cheana féin.**

I roinnt scoileanna, tá clár na hidirbhliana dea-bhunaithe agus tá sé ag feidhmiú go cuí. Ach is gné nua de chlár í fós i scoileanna eile. Is cuma do chás, cuirimid fáilte le gach idé nua agus creidimid gur cabhair í dea-chleachtas a roinnt. Is é sin ceann de na buntáistí is mó a bhaineann le haonaid idirbhliana.

Scoil amháin a rinne roinnt aonad idirbhliana a chuimsiú lena clár Idirbhliana is ea Coláiste Pobail Bhaile Átha Luain. Dúirt an Príomhoide, Val O'Connor linn, *'Tá na AInna mar thús úrnua dúinn. Rinne siad ár gclár idirbhliana a athbheochan go hiomlán'*. Mhínigh sé, *'mar gheall ar na haonaid, d'oibrigh múinteoirí le chéile agus phléigh siad an méid a bhí á dhéanamh acu. B'fhiú na haonaid a úsáid, cinnte, agus chruthaigh siad díograis agus spreagthacht nua i ndáil leis an Idirbhliain i measc múinteoirí agus daltaí araon'*.

### Príomhghnéithe na n-aonad idirbhliana

- Dearadh iad mar chúrsaí 45 uair an chloig (cé nach gá don tréimhse iomlán sin a bheith caite ar fhoghlaim sa seomra ranga).
- Forbraíonn scoileanna nó gníomhaireachtaí a oibríonn le scoileanna na haonaid.
- Tá measúnú comhtháite leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.
- Féadtar iad a roinnt agus iad a chur in oiriúint do scoileanna/do chomhthéacsanna éagsúla.

### Céard iad na tairbhí a bhaineann leo i dtuairim na múinteoirí?

Dar le múinteoirí a scríobh a n-aonaid idirbhliana féin, bhain siad a lán tairbhe as páirt a ghlacadh sa phróiseas sin. Seo duit roinnt de na tráchtanna a rinne siad:

*'Chuaigh mé i dtaithí ar na haidhmeanna agus ar na cuspóirí arís, agus thosaigh mé ag déanamh machnaimh ar an bhféidearthacht ár gclár idirbhliana féin a athnuachan dá bharr.'*

*'Tá an próiseas iontach mar cabhraíonn sé leat fócasú agus bheith soiléir faoi d'aidhmeanna agus cabhraíonn sé leat inneachar a laghdú agus a thuiscint go bhfuil an iomarca á dhéanamh agat, b'fhéidir.'*

*'Shoiléirigh sé an t-ord ina ndéanfaidh mé an t-aonad seo amach anseo agus chabhraigh sé liom smaoineamh ar na feabhsuithe a d'fhéadfainn a chur ar an aonad.'*

*'Mhéadaigh sé m'fhéinmhuinín agus mo spreagthacht. Braithim go mbeidh muinín níos mó agam asam féin agus an t-aonad seo á theagasc agam an chéad uair eile.'*

*'Maidir liomsa, ba é ceann de na gnéithe is úsáidí de an deis aiseolas a fháil ó na daltaí agus foghlaim ón aiseolas sin.'*


### Mar sin, conas is féidir leat aonaid idirbhliana a úsáid?

D'fhorbair múinteoirí agus gníomhaireachtaí raon d'aonaid idirbhliana shamplacha. Tá siad ar fáil lena n-úsáid nó le cur in oiriúint do do riachtanais agus féadann tú iad a rochtain ónár leathanach gréasáin **d'aonaid idirbhliana shamplacha**. Ná déan dearmad go gcuirimid aonaid bhreise leis an liosta seo go rialta, agus mar sin seans gur bhreá leat leabharmharc a chur leis chun tagairt a dhéanamh dó amach anseo. Idir an dá linn, cliceáil ar na naisc thíos chun dul díreach chuig do rogha AI.

- **Artykats**
- **Creative writing**
- **Debating Development**
- **Design and Discovery**
- **Discovering Irish Art**
- **Environmental Studies**
- **Food Matters**

- Good Food – The Irish Experience
- I've got something to say
- Introduction to Genetics and Biotechnology
- Ireland – a Level Playing Field?
- Japanese Studies
- Legal Studies
- Looking in – reaching out
- Lost in translation
- Media and Communications
- Producing a School Magazine
- Reading the Silver Screen
- Road Safe
- Setting up a Green School
- Soap Operas and Popular Culture
- Sports Coaching
- Student Safety in the Workplace
- Tourism Studies
- What's with the weather?

# Bain triail as d'aonad idirbhliana féin a fhorbairt!




## Bain triail as d'aonad idirbhliana féin a fhorbairt!

Má tá spéis agat in aonad idirbhliana a fhorbairt, is é an chéad chéim ná topaic nó ábhar a aithint arbh fhiú scríobh faoi ar an mbealach seo. Féadfaidh tú AI a fhorbairt bunaithe ar obair a rinne tú san Idirbhliain nó féadfaidh tú AI a d'fhorbair scoil nó eagraíocht eile a chur in oiriúint do do rang féin. Agus má tá tú thar a bheith cruthaitheach, féadfaidh tú AI iomlán nua a fhorbairt!

D'fhorbraíomar **teimpléad** chun cabhrú le múinteoirí a n-aonaid a scríobh agus **lámhleabhar** chun treoir a thabhairt dóibh agus an AI á scríobh acu.

## Ag tosú amach

Más mian leat iarracht a dhéanamh aonad idirbhliana a scríobh, seo duit na céimeanna i gceist:

- Déan an teimpléad agus an lámhleabhar do scoileanna a íoslódáil ónár suíomh gréasáin.
- Féach ar roinnt de na haonaid idirbhliana shamplacha scríofa ag múinteoirí eile chun tuiscint a fháil ar céard atá i gceist.
- Bain triail as d'aonad idirbhliana féin a scríobh trí leas a bhaint as an teimpléad. Níos fearr fós, oibrigh le comhghleacaí – giorraíonn beirt bóthar!
- Cuir dréacht do AI faoi bhráid an CNCM chun aiseolas a fháil ó **www.ncca.ie/transitionunits**.

Ní bheadh a fhios agat, d'fhéadfadh do AI a bheith ar an ngréasán go luath le deis ag scoileanna agus ag múinteoirí eile leas a bhaint as!

Más bándearg an cló, is nasc é

# Éistigí, a mhúinteoirí teanga

## An cur chuige cumarsáideach a úsáid

## Céard a chiallaíonn sé?

### An ndearna tú machnamh riamh ar céard atá i gceist leis an gcur chuige cumarsáideach i ndáil le teagasc teanga? Conas a fhaigheann tú amach an bhfuil do cheachtanna cumarsáideach nó nach bhfuil?



Le deireanas, labhraíomar leis an Dr. Kènia Puig i Planella, saineolaí ar theagasc teanga, agus chuireamar an cheist seo agus ceisteanna bainteacha eile uirthi. Féadann tú éisteacht le podchraoladh den chomhrá iomlán ar www.ncca.ie/ga/podchraoltai. Idir an dá linn, ar aghaidh leat ag léamh faoi phríomhghnéithe an chuir chuige seo, agus faoi conas is féidir é a úsáid i do ranganna.

### An raibh a fhios agat?

Tá na curaclaim agus na siollabais uile seo a leanas bunaithe ar an gcur chuige cumarsáideach:

- **Bunscoileanna**
  Curaclam na Gaeilge agus Treoirlínte don Dréacht-Churaclam sna Nuatheangacha
- **Iar-bhunscoileanna:**
  Siollabais an Teastais Shóisearaigh don Ghaeilge agus do nuatheangacha
  Siollabais na hArdteistiméireachta don Ghaeilge agus do nuatheangacha

### Is í an chumarsáid an rud is bunúsaí

Is í gné is bunúsaí an chuir chuige seo a fhócas ar **riachtanais chumarsáide a chomhlíonadh**, mar shampla, faisnéis a thabhairt nó a iarraidh, tuairim a chur in iúl nó cur síos a dhéanamh ar rud éigin. Mar sin féin, bheadh sé rí-dheacair na struchtúir, nó **feidhmeanna teanga** mar a thugtar orthu, a theagasc leo féin. Caithfidh foghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh faoi rud éigin, agus sin an chúis a n-úsáidimid **topaicí** nó **téamaí**. Mar sin, i gceacht cumarsáideach, caithfidh an múinteoir pleanáil a dhéanamh in dhá réimse: téama nó topaic an cheachta agus na feidhmeanna a fhoghlaimeoidh na daltaí agus a úsáidfidh siad chun tasc a dhéanamh.

Is é an **foghlaimeoir** an túsphointe i gcónaí. Ba chóir don mhúinteoir feidhmeanna a roghnú a úsáidtear chun nithe a chur in iúl ar bhreá leis an bhfoghlaimeoir iad a rá, nó iad a chloisteáil, iad a léamh nó scríobh fúthu. Mar shampla, i gcás an ábhair 'bia', seans gur bhreá le naíonáin a fhoghlaimíonn Gaeilge ar bhunscoil a bheith in ann 'Is maith liom... ' nó 'Ní maith liom...' a rá faoi na bianna ina mboscaí lóin. Seans go bhfuil spéis ag leanaí i rang a sé i mbianna ó thíortha eile, áfach. Seans gur bhreá le daltaí sa cheathrú bliain atá ag foghlaim nua-theanga san iar-bhunscoil a bheith in ann tuiscint a fháil ar liricí amhráin a d'íoslódáil siad ón idirlíon.

### Ag obair i dtreo cuspóirí

I gceachtanna cumarsáideacha, bíonn foghlaimeoirí ag obair chun **cuspóir sonrach teanga** a bhaint amach, mar shampla:

- a bheith in ann a chur in iúl céard is maith leo agus céard nach maith leo
- tuiscint a fháil agus faisnéis a chur ar fáil

Baineann daltaí taitneamh as sin agus spreagann sé iad mar tuigeann siad go bhfuil rud éigin inláimhsithe bainte amach acu agus gur féidir leo an teanga a d'fhoghlaim siad a úsáid ar bhealach gníomhach.

### Comhtháthú scileanna

Gné eile de ná go dteagasctar scileanna éisteachta, labhartha, léimh agus scríbhneoireachta ar bhealach comhtháite.

> "Ní mór a chuimhneamh go gcuimsíonn cásanna sa ghnáthshaol na ceithre scil sin. Má théann tú chuig bialann agus má theastaíonn uait béile a ordú, beidh ort an biachlár a léamh sula mbeidh tú in ann

info@ncca

labhairt amach agus a rá céard atá uait agus éisteacht leis an bhfreastalaí. Mar sin, sa ghnáthshaol bíonn na scileanna uile comhtháite agus ba chóir dúinn iarracht a dhéanamh macasamhail de sin a dhéanamh inár ranganna. ”

**An Dr. Kènia Puig i Planella, podchraoladh an CNCM**

## Ceachtanna cumarsáideacha

Go ginearálta, is féidir ceachtanna teanga cumarsáideacha a roinnt ina dtrí chuid nó thréimhse:

- tréimhse réamhchumarsáideach a bhfuil ionchur teanga i gceist leis,
- tréimhse chumarsáideach ina n-úsáideann na foghlaimeoirí an méid a d'fhoghlaim siad chun tasc a dhéanamh,
- tréimhse iar-chumarsáideach ina gcuirtear deis ar fáil machnamh a dhéanamh, aghaidh a thabhairt ar bhotúin, agus teanga a athúsáid chun aistriú scileanna a chur chun cinn.

Tá sé tábhachtach gan aon cheann de chodanna sin an cheachta a fhágáil amach.

### An tréimhse réamhchumarsáideach

**Réamheolas:** déan na foghlaimeoirí a spreagadh agus tabhair buneolas ar an ábhar dóibh.
**Ionchur teanga:** múin an stór focail agus na struchtúir a mbeidh gá leo don tasc nó caith súil siar orthu. Déan iad a chleachtadh ar bhealach struchtúrtha.
**Gníomhaíochtaí samplacha:** cluichí struchtúrtha, amhráin, spléach-chártaí, druileanna, scéalta, ábhar fuaime agus ransú smaointe.

### An tréimhse chumarsáideach

**Tasc:** foghlaimíonn foghlaimeoirí an teanga i dtasc a bhfuil cumarsáid i gceist leis.
**Comhtháthú:** féadtar na scileanna uile a chomhtháthú agus a úsáid go cumarsáideach.
**Gníomhaíochtaí samplacha:** obair bheirte, obair ghrúpa, obair aonair, fadhbanna a réiteach, ceisteanna a chur, scéalta a chruthú agus a insint nó a scríobh, ríomhphoist a sheoladh, blag a scríobh, éisteacht nó léamh chun faisnéis a fháil, rólghlacadh, faisnéis a mhalartú, éisteacht agus freagairt, treoracha a leanúint agus idirghníomhú sóisialta.

### An tréimhse iar-chumarsáideach

**Machnamh agus anailísiú:** chun feasacht teanga a fhorbairt agus straitéisí foghlama teanga a chur chun cinn.
**Tabhair aghaidh ar dheacrachtaí agus ar bhotúin:** faigh amach cá háit a bhfuil gá le hionchur teanga breise.
**Bain athúsáid** as an teanga i gcomhthéacs eile chun aistriú scileanna a chur chun cinn.
**Gníomhaíochtaí samplacha:** díospóireacht, gníomhaíochtaí bleachtaireachta teanga, gníomhaíochtaí gramadaí, amhráin, scéalta agus dánta.



# Leideanna

## Leideanna tábhachtacha

- Pleanáil go cúramach: bí cinnte go mbeidh go leor ama ag foghlaimeoirí leis an tasc a dhéanamh
- Déan machnamh roimh ré: céard iad na focail a bheidh ag teastáil ó dhaltaí le linn an taisc?
- Tá ról éascaitheora agat le linn thréimhse chumarsáideach an cheachta. Breathnaigh ar na daltaí, cabhraigh leo agus tabhair aird ar a ndul chun cinn agus ar réimsí a bhfuil deacrachtaí acu leo.
- Múintear an ghramadach i gcomhthéacs. Tugtar aghaidh ar bhotúin le linn thréimhse iarchumarsáideach an cheachta.
- Tá an measúnú ina ghné bhunúsach de theagasc agus d'fhoghlaim teangacha. Ní mór cumas cumarsáideach foghlaimeoirí sna ceithre scil a mheasúnú ar bhonn leanúnach trí leas a bhaint as raon modhanna measúnaithe.
- Déan obair a dhifreáil bunaithe ar chumas agus ar stíl foghlama. Ná hiarr ar gach dalta an tasc céanna a dhéanamh.

## Raon modheolaíochtaí

“ Ní modh teagaisc é teagasc cumarsáideach teanga - is cur chuige teagaisc é atá dírithe ar bhrí, ar theachtaireachtaí agus ar thuairimí a chur in iúl. Toisc go bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí ar a lán bealaí éagsúla, bainfear úsáid as a lán modhanna, straitéisí agus gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama i gceacht teanga cumarsáideach. ”

**An Dr. Kènia Puig i Planella, podchraoladh an CNCM**





## Cur chuige na cumarsáide agus Curaclam na Gaeilge

**Feidhm teanga:** an úsáid a bhaintear as struchtúr, mar shampla, ceist a chur nó a fhreagairt.
**Scileanna ginchumais:** labhairt agus scríbhneoireacht.
**Scileanna gabhchumais:** éisteacht agus léitheoireacht.

**Modheolaíocht:** bíonn réimse modhanna múinte in úsáid sa chur chuige cumarsáideach.
**Feasacht teanga:** an tuiscint atá ag an dalta ar an nGaeilge, ar phatrúin, fhuaimeanna, agus chosúlachtaí agus éagsúlachtaí le teangacha eile.

### Forbairt na cumarsáide

| Réamhchumarsáid → | Cumarsáid → | Iarchumarsáid → |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Gníomhaíochtaí** | **Gníomhaíochtaí** |
| • Foghlaim foclóra | • Tascanna le déanamh | • Cleachtadh gramadaí |
| • Cleachtadh comhréire | • Cluichí cumarsáide | • Anailís na teanga |
| • Gníomhaíochtaí faoi threoir | • Rólanna i suímh éagsúla | • Cluichí breise |
| • Cluichí gramadaí | • Idirghníomhú sóisialta | • Tasc nua |
| | • Drámaí | |
| | • Sceitsí | |
| | • Seiftiú | |
| | • Plé | |
| | • Díospóireachtaí | |

***Curaclam na Gaeilge, Treoirlínte do Mhúinteoiri, lch. 15***

**Breis faisnéise uait?** Féadann tú éisteacht le podchraoladh den chomhrá iomlán le Kènia ar www.ncca.ie/ga/podchraoltai. Tá podchraoltaí ann faoi Ghaeilge neamhfhoirmiúil agus faoi shealbhú teanga freisin.

info@ncca

# Múinteoirí mar fhorbróirí curaclaim

**Dearcadh na hÉireann**



**Is léir ó na hailt san eagrán seo de info@ncca faoi *Tionscadal Mata* agus faoi na hAonaid Idirbhliana, go bhfuil múinteoirí ag feidhmiú mar fhorbróirí curaclaim anois agus go bhfuil obair an CNCM á roinnt idir suíomh na foghlama (i scoileanna agus i suíomhanna eile) agus suíomh na gcoistí (le coistí an CNCM agus grúpaí oibre). Leis an bhfócas seo uile ar fhorbairt scoilbhunaithe curaclaim, thosaíomar ag machnamh: céard iad na scileanna a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí chun cur ar a gcumas gníomhú mar fhorbróirí curaclaim agus conas is féidir linn forbairt na scileanna seo a chur chun cinn agus a spreagadh?**

**Céard iad na scileanna a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí chun cur ar a gcumas gníomhú mar fhorbróirí curaclaim agus conas is féidir linn forbairt na scileanna seo a chur chun cinn agus a spreagadh?**



Agus iad ag déanamh machnaimh ar thorthaí a gcuid oibre leis an Líonra Bunscoile agus le Líonra Scoile na Sraithe Sinsearaí, chuir beirt oifigeach de chuid an CNCM a gcuid smaointe faoi bhráid na Comhdhála Eorpaí ar Thaighde Oideachais (ECER) i Vín mí Mheán Fómhair seo caite.  Cuireadh eispéiris na múinteoirí Éireannacha i láthair ag siompóisiam ag an gcomhdháil dar teideal *Inniúlachtaí múinteoirí d'fhorbairt scoilbhunaithe curaclaim: dearcaí Eorpacha.*

## Céard iad na cinntí curaclaim is gá duit a dhéanamh?

Sula rachaimid ar aghaidh, seans go bhfuil tusa ag smaoineamh ar mhéid an churaclaim ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile a dheartar go lárnach agus mar sin, ag cur ceiste faoi mhéid na saoirse atá agatsa mar mhúinteoir chun curaclam a fhorbairt a oireann do na daltaí os do chomhair amach? Is fiú a lua go raibh leibhéil éagsúla d'fhéinriail maidir le forbairt curaclaim ag múinteoirí sna tíortha éagsúla a raibh a n-ionadaithe ag an gcomhdháil, idir ár siollabas sonraithe a dheartar go lárnach go leibhéil saoirse níos airde mar atá acu san Ísiltír.  Sa tír sin, cinneann múinteoirí Ollannacha cén t-inneachar a theagascfaidh siad agus céard iad na modhanna teagaisc a úsáidfidh siad laistigh den chomhthéacs de spriocanna gnóthachtála lárnacha.

Maidir leis na tíortha ina ndeartar na siollabais go lárnach, i roinnt de na tíortha sin tá na cúrsaí an-sonraithe agus i roinnt eile, ní chuirtear ach treoirlínte ar fáil. I ngach tír, tá leibhéal féinrialach ag múinteoirí i ndáil le céard a theagascfaidh siad, céard iad na hábhair thacaíochta a úsáidfidh siad agus cén t-ord ina dteagascfaidh siad réimsí éagsúla den churaclam. Ba chúis iontais é freisin go raibh na hinniúlachtaí ar aithníodh go raibh gá leo chun cur ar chumas múinteoirí an curaclam a fhorbairt an-chosúil lena chéile i ngach aon tír, cé go raibh leibhéal féinrialach na scoileanna maidir le forbairt curaclaim an-éagsúil.

## Céard iad na hinniúlachtaí sin?

Cén cineál inniúlachtaí a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí chun curaclaim a fhorbairt, de réir na dtíortha seo? Tá liostaí fada de scileanna a úsáideann múinteoirí ina ngairmeacha; mar sin féin, ó dhearcadh na hÉireann de, aithníodh go raibh trí inniúlacht ríthábhachtach do mhúinteoirí a bhí chun páirt a ghlacadh i bhforbairt curaclaim. Is iad na hinniúlachtaí sin **eolas gairmiúil, tiomantas don athrú** agus **obair foirne**. Cinnte, léirigh múinteoirí i bhfad níos mó inniúlachtaí san obair a rinne siad leis an CNCM, ach bhí siad seo ar na trí inniúlacht ba shoiléire!  Rinneadh cinneadh orthu i ndiaidh anailís a dhéanamh ar mhachnamh féintaifeadta múinteoirí, machnamh daltaí, breathnú sa seomra ranga agus torthaí suirbhé, in éineacht le nótaí allamuigh a thaifead oifigigh oideachais an CNCM.

Bhí i gceist le **heolas gairmiúil** múinteoirí eolas ar inneachar (céard a theagascann tú), eolas ginearálta oideolaíoch (an chaoi a dteagascann tú) agus eolas oideolaíoch ar inneachar (an chúis go dteagascann tú ar an gcaoi seo). Bhí nasc dlúth idir tiomantas múinteoirí don athrú agus cáilíocht thionchar an athraithe ar a ndaltaí.  Bhí deiseanna oibriú le chéile (obair foirne) ag teastáil ó mhúinteoirí freisin chun cabhrú leo a gcleachtas a athrú. Úsáideadh próisis foghlama ghníomhacha leithéidí díospóireachtaí, plé le comhghleacaithe, deiseanna féachaint ar mhúinteoirí eile ag teagasc, ar fhíseán nó i bpearsain, agus deiseanna aiseolas a thabhairt agus a fháil chun é sin a éascú.



## An mbaineann na hinniúlachtaí seo liomsa? Nó an é nach mbaineann siad ach le múinteoirí i líonraí an CNCM?

Féach ar roinnt de na gníomhaíochtaí foghlama ar ACTION agus bain triail as idé nua le do rang. Ansin, déan machnamh ar conas a d'éirigh leis agus iarr ar do dhaltaí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama. Tabhair cuireadh do chomhghleacaí teacht isteach i do rang chun féachaint ort ag teagasc agus chun plé a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim. Deir na múinteoirí ar oibríomar leo gur athbheoigh sé sin a gcuid teagaisc agus gur chuir sin feabhas ar fhoghlaim sa seomra ranga. Agus is cuid mhór d'fhorbairt curaclaim é sin. Ní fhaigheann daltaí taithí ar churaclam an CNCM riamh. Níl acu ach an curaclam a dhearann an múinteoir!

# Tionscadal FÓN

## Rath agus gradam

## *An féidir le fóin phóca cabhrú le teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge? 'Is féidir!' de réir eispéireas múinteoirí agus daltaí.*

### Céard atá i gceist le FÓN?

Seasann FÓN do Foghlaim Ón Nuatheicneolaíocht. Seans gur cuimhin leat an t-alt faoin tionscadal FÓN san eagrán de info@ncca a foilsíodh i mí Aibreáin 2009. Rinneamar cur síos ar conas a úsáideadh fóin phóca i sé iar-bhunscoil le 16 múinteoir agus 368 dalta. Úsáideadh na fóin ar thrí bhealach éagsúla:

1. chun seachadadh stór focal chuig daltaí ar SMS a sceidealú,
2. chun comhrá dalta le dalta a éascú, a thaifeadtar chun gur féidir leis an múinteoir éisteacht leis níos déanaí,
3. chun freagraí daltaí (a) ar shraith ceisteanna ón múinteoir nó (b) ar sheisiún cleachtaidh a thaifeadadh; bhí ar chumas an mhúinteora na freagraí sin uile a rochtain níos déanaí.

Anois táimid ar ais chun a insint daoibh céard a tharla agus chun an méid a dúirt múinteoirí agus daltaí faoi fhóin phóca a úsáid a roinnt libh.

### Céard a fuaireamar amach?

## *Roinnt fíricí FÓN!*

- **Cuireadh 15,374 glaoch ar an gcóras.**
- **D'éist daltaí le Gaeilge agus labhair siad í ar feadh 882 uair an chloig thar 22 seachtain.**
- **Ar an meán, rinne gach dalta 42 glaoch ar a fhón póca tionscadail i rith 11 seachtain ghníomhacha an tionscadail...b'ionann sin agus thart ar 2.5 uair an chloig ag labhairt na Gaeilge. Samhlaigh daltaí ag labhairt Gaeilge ar feadh 2.5 uair an chloig laistigh de thréimhse 11 seachtain!**
- **Rinne úsáideoir is mó an chórais 272 glaoch ar a fhón póca tionscadail, le 4 ghlaoch in aghaidh an lae (deirí seachtaine san áireamh!).**
- **Bhain an séú húsáideoir is airde úsáid as a fón póca féin, ar a costas féin, tar éis do théarma gníomhach an tionscadail teacht chun críche. Rinne sí 22 glaoch ar a fón póca féin i ndiaidh an tionscadail.**
- **Chuir daltaí glaoch ar an gcóras FÓN chomh déanach le 11:00 (agus 1:00.) san oíche agus chomh luath le 6:00 ar maidin.**



### Tuairim na múinteoirí

"Tá gach aon duine ar scoil ag labhairt fúinn. Tá gach duine ag plé 10J agus a bhfóin. (Fuarthas) roinnt aiseolais thar a bheith dearfach ó thuismitheoirí inniu. Bhí gach duine ag úsáid an chórais aréir ag 7.00 i.n. agus nuair a bhí siad agam don chéad rang inniu bhí siad ar cipíní fós. Is iontach díograis mar sin a fheiceáil."

**Múinteoir tionscadail**

### Inniúlacht

Thuairiscigh na múinteoirí gur chuir úsáid na bhfón póca feabhas ar inniúlacht na ndaltaí. Níor bhain an feabhas sin lena gcumas labhartha agus éisteachta amháin – méadaíodh a stór focal, bhí cumas níos mó ag daltaí a n-abairtí féin a chruthú agus bhain siad úsáid mhéadaithe as aimsirí sa Ghaeilge. Fuair múinteoirí freisin gur fhoghlaim daltaí ábhair éagsúla níos tapúla nuair a d'úsáid siad a bhfóin phóca don Ghaeilge, mar bhí deiseanna méadaithe ag daltaí cleachtadh a dhéanamh lasmuigh den scoil.

### Spreagthacht

Gné an-tábhachtach ná gur tháinig feabhas ar dhearcadh daltaí maidir le Gaeilge a labhairt agus a chleachtadh. Luaigh múinteoirí

- go raibh daltaí níos spreagtha maidir le Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt.
- go raibh na daltaí ag baint taitnimh as.
- go raibh daltaí ag glacadh páirte iomláine i rith an ranga, ag labhairt Gaeilge ar feadh an ranga iomláin 40 nóiméad go minic.



- go raibh daltaí in ann dul i bhfeighil ar a bhfoghlaim féin.
- gur tháinig feabhas ar a muinín.

Ó dhearcaí na múinteoirí de, trí éisteacht le taifid na ndaltaí bhí deis acu

- tuiscint níos fearr a fháil ar dhul chun cinn daltaí sa Ghaeilge.
- botúin a rinne daltaí arís agus arís eile a thaifeadadh agus aghaidh a thabhairt orthu.
- éisteacht le gach dalta ina rang, go háirithe na daltaí is ciúine.

Gan amhras, bhí breis ama ag teastáil ó mhúinteoirí chun éisteacht le taifid na ndaltaí, ach bhraith siad uile gurbh fhiú é.

## Teanga bheo

Trí fhóin phóca a úsáid, ardaíodh próifíl na Gaeilge i bhformhór na scoileanna, agus chabhraigh sé leis an teanga a thógáil amach as an seomra ranga agus isteach sa phobal. Bhí daltaí in ann Gaeilge a labhairt aon uair ar mhian leo, fiú amháin nuair nach raibh duine le Gaeilge acu sa bhaile nó sa phobal. Trí labhairt le daltaí tionscadail eile ar a bhfóin phóca, athraíodh an Ghaeilge ó ábhar scoile go teanga bheo – teanga a úsáideadh do chumarsáid bhríoch idir dhaltaí.

## Ach céard a cheap na daltaí faoi?

**“Ceapaim gur smaoineamh maith é fóin phóca a úsáid chun Gaeilge a mhúineadh do dhéagóirí mar caitheann formhór na ndéagóirí a gcuid saolta ar an bhfón agus ní fhéadfaidís maireachtáil gan é...”**

**Dalta tionscadail**

## Muinín

Thuairiscigh daltaí tairbhí a bhí cosúil leis na tairbhí a thuairiscigh múinteoirí. Bhraith siad gur tháinig feabhas ar a n-inniúlacht agus ar a muinín i ndáil leis an nGaeilge. Dúirt dalta amháin, “...roimh an tionscadal fóin phóca ní raibh ar mo chumas focail a fhoghrú nó an teanga a labhairt agus tháinig feabhas air sin le linn an tionscadail.” Thuairiscigh siad freisin gur bhain siad taitneamh as fóin phóca a úsáid chun Gaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh; d’úsáid siad focail cosúil le ‘spraoi’, ‘suimiúil’, ‘nua’ agus ‘éagsúil’ agus iad ag déanamh tagartha don eispéireas. Toisc go raibh siad ag baint taitnimh as, chuir sin le spreagthacht daltaí i ndáil le Gaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh, agus bhí feabhas soiléir le feiceáil air sin.

## Foghlaimeoirí féinrialaitheacha

Chuir daltaí in iúl freisin go raibh siad ag éirí níos féinrialaithí maidir lena gcuid foghlama agus go raibh siad ag glacadh le freagracht níos mó aisti. Bhí ar a gcumas Gaeilge a labhairt aon uair, aon áit. Bhraith siad go raibh sé níos éasca Gaeilge a fhoghlaim trí mheán a bhfón póca, agus go raibh an modh foghlama seo níos siamsúla ná modhanna seomra ranga eile ná obair bhaile thraidisiúnta.

Bhraith daltaí gur labhair siad níos mó Gaeilge toisc gur úsáideadh fóin phóca mar uirlisí foghlama. Chuir siad in iúl freisin go raibh cumas feabhsaithe acu féinmheasúnú a dhéanamh ar a leibhéal Gaeilge tríd an gcóras FÓN – bhí ar a gcumas aon cheann dá bhfreagraí a ataifeadadh sular aighnigh siad freagra a raibh siad sásta leis agus bhí siad in ann a gcuid Gaeilge a chur i gcomparáid le Gaeilge na ndaltaí eile ar labhair siad leo.

Mar aon leis na múinteoirí, ba é ceann de na tairbhí is mó a thuairiscigh daltaí ná go raibh Gaeilge ar fáil agus éascaithe lasmuigh den scoil - *“rud maith ná gur féidir leat do Ghaeilge a chleachtadh ag am a oireann duit i do theach féin”.*

## Gradam bronnta ar an tionscadal FÓN

Ní amháin gur thuairiscigh múinteoirí agus daltaí tairbhí an chórais FÓN: bronnadh Gradam Eorpach do Theangacha - an Lipéad Teanga - ar an tionscadal freisin. Bronntar an gradam seo ar thionscadail atá in ann foghlaimeoirí teanga a spreagadh chun páirt bhríoch, tháirgiúil a ghlacadh san fhoghlaim fad agus atá dearcadh dearfach faoin bhfoghlaim agus faoi úsáid na sprioctheanga á chur chun cinn i gcónaí.

European Language Label

## Cá bhfuilimid ag dul anois?

Seans nach mbainfimid an White House amach, ach coinnigh súil ar bhlag FÓN chun eolas cothrom le dáta a fháil faoi cá háit a mbeimid ag dul le fóin phóca amach anseo - **http://foghlaimga.edublogs.org.**



info@ncca

# Sraith shóisearach nua? Idéanna faoi athruithe

## Mura raibh deis agat *'Innovation and Identity—Ideas on a new junior cycle'*, a léamh, seo duit achoimre air chun tú a chur ag smaoineamh.

Cuirtear na hidéanna i láthair faoi cheithre cheannteideal leathana: *cén fáth* a bhfuil gá le hathruithe, *conas* a dhéanfar iad agus *céard* a bheidh i gceist leo, agus cuid ina bhfuil idéanna a tháinig ó chleachtas i scoileanna Éireannacha agus thar lear.  Agus tú ag léamh an ailt seo (agus an páipéar, gan amhras) ná déan dearmad nach ndéanann sé cur síos ach ar idéanna faoi conas a d'fhéadfaí an tsraith shóisearach a athrú. Déanfar tograí níos déanaí, ach i láthair na huaire, teastaíonn uainn roinnt ama a chaitheamh ar na hidéanna amháin.

### Cén fáth?

Nuair a fhéachtar ar an tsraith shóisearach ón taobh amuigh is cosúil go bhfuil 'ag éirí léi'. Tá tromlach na ndaltaí sásta ar scoil agus tá caidrimh mhaithe ag formhór acu lena múinteoirí agus cinnte, ba chóir dúinn a bheith bródúil as na gnéithe sin de chóras na hÉireann. Táimid láidir maidir le caidrimh, ach is cosúil nach bhfuilimid chomh láidir sin i ndáil le foghlaim.

Tá taighde againn a rinne an ESRI ar eispéiris daltaí sa tsraith shóisearach thar roinnt blianta. Eascraíonn roinnt ábhar imní as na léargais a ardaíonn an taighde seo, lena n-áirítear

- tionchar ceannasach scrúdú an Teastais Shóisearaigh ar chleachtas teagaisc agus foghlama.
- an bhraistint go bhfuil an curaclam dolúbtha, forualaithe.
- an líon ard daltaí a thugann cúl ar an bhfoghlaim ag céim luath den tsraith.
- easpa ama chun foghlaim níos doimhne a dhéanamh.
- an raon cúng de ghníomhaíocht mheasúnaithe.
- rochtain theoranta ar cháilíocht amháin.

I dteannta an taighde seo, **labhair an tAire lenár gComhairle** i mí an Mheithimh na bliana seo caite agus d'iarr sé orainn féachaint ar an eispéireas iomlán den tsraith shóisearach agus athbhreithniú a dhéanamh ar nuálaíochtaí atá á gcur i ngníomh in áiteanna eile ag an gcéim seo oideachais.

### Mar sin *céard* a d'fhéadfadh athrú?

Cuirtear príomhidéanna an pháipéir i láthair mar shraith conairí a théann i dtreo sraithe nua sóisearaí.  Dá gcuirfí sraith shóisearach nua ar fáil

1. seans go mbeadh saoirse níos mó ag scoileanna a bheith éagsúil agus a gcláir sraithe sóisearaí féin a dhearadh chun freastal ar riachtanais a ndaltaí.
2. d'fhéadfaí imeacht ón Teastas Sóisearach mar an modh amháin le cáilíocht sraithe sóisearaí a bhronnadh agus cáilíocht/aí sraithe sóisearaí nua a thabhairt isteach a bhainfeadh le hiliomad cineálacha d'fhianaise foghlama.
3. d'fhéadfaí struchtúr na sraithe sóisearaí a athrú ó chlár trí bliana go clár a mbeadh teorainneacha níos solúbtha aige le rang a 6 agus leis an tsraith shinsearach.
4. d'fhéadfaí ról foghlaimeoirí ina gcuid foghlama a mhéadú – béim níos mó ar mhachnamh daltaí, foghlaim chomhoibritheach agus foghlaim fhéindírithe, b'fhéidir.
5. d'fhéadfadh rogha níos leithne a bheith ag scoileanna faoi conas a ghinfidís agus conas a d'úsáidfidís fianaise d'fhoghlaim a ndaltaí.

Ciallaíonn sé sin uile go bhfuil ról méadaithe ag scoileanna mar fhorbróirí curaclaim – ag dearadh a gclár sraithe sóisearaí féin chun freastal ar riachtanais a bhfoghlaimeoirí féin. Fad agus a bheidh an ghníomhaíocht deartha curaclaim nua á déanamh ag scoileanna, gheobhaidh siad tacaíocht ó Chreat soiléir, cuimsitheach don tSraith Shóisearach.

### *Conas* a tharlódh na hathruithe seo?

Tá sé tábhachtach plé a dhéanamh ar conas a d'athróimis an tsraith shóisearach freisin. De réir an chuir chuige sa pháipéar, tá ceithre chéim idirnasctha ag an gceist seo faoi conas a dhéanfaí athruithe:

1. Eisíodh idéanna 'móra' faoi athruithe sa tsraith shóisearach (atá leagtha amach sa pháipéar) don Aire cheana féin.
2. Tá na hidéanna móra seo á roinnt agus á bplé leis an bpobal leathan oideachais (coinnigh súil ar an gcuid den suíomh gréasáin a bhaineann leis an tsraith shóisearach chun tuilleadh mionsonraí a fháil).
3. Glacfaidh roinnt scoileanna páirt san obair chun samhlacha a fhorbairt don tsraith shóisearach, ag déanamh cur síos ar an gcineál cláir oideachais agus ar an gcineál eispéiris a bheadh ag daltaí sa scoil sin. Forbrófar na samhlacha trí leas a bhaint as Dréacht-Chreat don tSraith Shóisearach
4. Tabharfar an Creat agus na múnlaí (ón tionscadal scoileanna tosaigh) isteach sna scoileanna uile.

Thug an t-alt seo achoimre an-ghearr duit ar an méid atá san áireamh sa pháipéar. Má theastaíonn uait tuilleadh a léamh faoi na hidéanna móra sa pháipéar – déan cóip iomlán de a íoslódáil: ***'Innovation and Identity—Ideas on a new junior cycle'.*** Agus ná déan dearmad do thuairim a nochtadh. Teastaíonn uainn cloisteáil ó mhúinteoirí bunscoile freisin... céard a tharlódh, mar shampla, dá measfaí rang a sé mar an chéad bhliain den tsraith shóisearach in ionad é a mheas mar bhliain dheireanach na bunscoile? Is fiú machnamh a dhéanamh air sin cinnte.